**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2009***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 1

170 MARC

**Dé Luain**
**8 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*na leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

---

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.*

### A – AISTE – **100 marc**

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Na daoine agus na rudaí a bhí tábhachtach dom mar dhéagóir.
(b) An tUachtarán Barack Obama.
(c) Slán leis an Tíogar Ceilteach!

### B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Is fearr ciall ná láidreacht.
(b) Sábháilte.

### C – ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Toghadh duine den Chomhaontas Glas (Na Glasaigh) mar theachta dála i do cheantar. Iarradh ortsa agallamh a chur air/uirthi faoi pholasaithe an pháirtí agus faoi chur i bhfeidhm na bpolasaithe sin sa tír seo.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d'iris na scoile.

(b) Osclaíodh Gaelscoil nua i do cheantar féin le déanaí. Iarradh ortsa agallamh a chur ar phríomhoide na scoile nua faoina c(h)úraimí nua **agus** faoin nGaelscolaíocht go ginearálta.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, don nuachtán áitiúil.

### D – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

"Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge roghnach do scrúdú na hArdteistiméireachta."

(b) Tháinig múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí le chéile ag searmanas cinn bhliana sular thosaigh scrúduithe na hArdteistiméireachta. Iarradh ortsa óráid a thabhairt ag an ócáid sin ar an ábhar: "Bhí an t-ádh ormsa freastal ar an scoil seo".

Scríobh an *óráid* a thabharfá ag an searmanas sin.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall), ***agus*** **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

**A** – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## Gaeltacht Nuabhunaithe i gCeanada


**1** Ó am go ham cloistear daoine sa tír seo ag tuar bhás na nGaeltachtaí ar an ábhar go bhfuil siad scoite amach ó na bailte móra agus faoi bhrú leanúnach ag an mBéarla. Ach maireann siad fós, más ar éigean féin é. Cad é mar dhea-scéal é, dá bhrí sin, a chloisteáil go bhfuil Gaeltacht nua tar éis teacht ar an saol i gCeanada. Osclaíodh an Ghaeltacht nua seo in Erinsville dhá bhliain ó shin ar an 18 Meitheamh 2007. Suíomh sceirdiúil álainn atá ag an nGaeltacht nua, suite ar sheasca acra talún daichead míle ó Kingston, atá leathbhealach idir Toronto agus Ottawa. Ba é Séamas Mac Con Carraige, a raibh Gaeilge ag a thuismitheoirí, a chuir an smaoineamh chun tosaigh an chéad uair breis agus deich mbliana ó shin. Ach is é Aralt Mac Giolla Chainnigh a chuir an togra i gcrích. Beirt iad seo a thuigeann tábhacht an chultúir Ghaelaigh agus a d'oibrigh le láthair oidhreachta agus chultúrtha den scoth a chur ar fáil do phobal na Gaeilge i gCeanada.

**2** Bhunaigh Séamas Mac Con Carraige Cumann na Gaeltachta in Kingston i 1995. Bhí Gaeilge ó dhúchas ag a theaghlach siúd. Cuirtear síos dá sheanathair gurbh é an cainteoir deireanach Gaeilge i gContae Shligigh é. Oifigeach in arm Cheanada é Aralt Mac Giolla Chainnigh, ar tháinig a mhuintir as Doire agus as Sligeach. D'fhoghlaim seisean a chuid Gaeilge ar chúrsa a d'eagraigh Oideas Gael i nGleann Cholm Cille i nDún na nGall. Spreagadh an bheirt acu le tabhairt faoin nGaeltacht nua seo a bhunú nuair a chonaic siad an spiorad agus an díograis a bhí i bpobal Gaeilge Cape Breton ar chósta thoir Cheanada. Sa 19ú haois déag lonnaigh na mílte Éireannach i dTalamh an Éisc, ar Cape Breton, in oirthear Québec agus in Ontario. Ba spreagadh mór dóibh freisin na cumainn Ghaeilge éagsúla agus brainsí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann atá ag obair go dícheallach ar fud an cheantair le féiniúlacht na nGael a dhaingniú i bpatrún saibhir an ilteangachais i gCeanada.

**3** Deir Aralt Mac Giolla Chainnigh gur chabhraigh an traenáil a fuair sé mar oifigeach airm leis chun togra na Gaeltachta nua a bhrú chun cinn. I gcás straitéise míleata, dar leis, tá tábhacht ar leith ag baint le fórsa láidir a chur le chéile, an sprioc a shoiléiriú do gach aon duine, agus an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm céim ar chéim. Ar an dea-uair bhí fórsaí tacaíochta in aice láimhe le cabhrú lena fhiontar: an gréasán iontach de bhrainsí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar fud Cheanada agus na Stát Aontaithe; leathchéad institiúid tríú leibhéal i gCeanada a múintear Gaeilge iontu; roinnt comhlachtaí a raibh baint ag Aralt leo i gCeanada agus in Éirinn. Chomh maith leis sin, creideann sé go raibh tréithe áirithe ann ó dhúchas a chabhraigh go mór leis. Ar na tréithe sin luann sé a bhród as a oidhreacht Ghaelach, agus a stuacacht agus a dhiongbháilteacht a sheas i gcónaí dó, fiú an tráth ba lú a dhóchas.

**4** Cuireadh síos na bunchlocha ceann ar cheann. Thángthas ar phíosa breá talún in aice Tamworth, dhá chiliméadar déag ó Kingston; cuireadh comharchumann ar bun agus tosaíodh ar scaireanna a dhíol ann; lorgaíodh cead pleanála leis an láthair a fhorbairt; lorgaíodh cabhair airgid ón rialtas anseo in Éirinn agus ó rialtas Cheanada. Bhí tábhacht thar na bearta ag baint leis an gcabhair a fuarthas ón gcomhlacht Bard na nGleann, atá á stiúradh ag Tomás Mac Gearailt i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gContae Chorcaí. Ní hamháin gur cheannaigh Tomás luach na mílte scair sa chomharchumann ach baineadh leas as fochomhlacht dá chuid, *gaeltalk.net* a mhúineann Gaeilge ar an idirlíon, le poiblíocht a thabhairt don Ghaeltacht nua. Ach cuireadh an chloch mhullaigh ar an gcéad chéim den fheachtas nuair a thairg tógálaí saibhir as Contae na Gaillimhe, atá ina chónaí in Ottawa, an suíomh don Ghaeltacht a cheannach dóibh.

**5** Tá pleananna móra ag an gcomharchumann don suíomh. Tá sé mar aidhm acu lárionad cultúrtha agus foghlama a thógáil ann, chomh maith le páirceanna peile agus iomána a fhorbairt. Tá súil acu úsáid a bhaint as an abhainn agus as an loch atá mar chuid den suíomh i gcomhair imeachtaí spraoi. Tá an-chuid daoine óga sásta teacht agus obair a dhéanamh go deonach ar an suíomh chun an t-ionad a chur chun cinn. Is léir go bhfuil spiorad na hathbheochana beo beathach go fóill i gCeanada. Meabhraíonn an togra seo dúinn go léir an tábhacht a bhaineann leis na Gaeltachtaí agus leis na lárionaid Ghaeilge. Cuireann siad láthair ar fáil do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí inar féidir leo bualadh le chéile, cairdeas a bhunú agus a bhuanú, agus Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. Is iad a chothaíonn agus a neartaíonn an cultúr Gaelach inár measc.



*Aralt Mac Giolla Chainnigh*

## *Ceisteanna*

**1** (a) Luaigh fáth **amháin** a mbíonn daoine ag tuar bhás na nGaeltachtaí. (Alt 1) (3 mharc)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin nGaeltacht nua i gCeanada. (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén bhaint a bhí ag Séamas Mac Con Carraige leis an nGaeilge? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** rud a spreag Séamas agus Aralt le Gaeltacht nua a bhunú. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Cad a d'fhoghlaim Aralt ón arm a chabhraigh le cur chun cinn an togra? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** thréith a bhaineann le hAralt mar dhuine. (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Luaigh rud **amháin** a rinneadh leis an togra a chur chun cinn. (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén bhaint a bhí ag Tomás Mac Gearailt leis an togra seo? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Luaigh plean **amháin** atá ag an ngrúpa don suíomh. (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén tábhacht a bhaineann le Gaeltachtaí agus le lárionaid Ghaeilge, dar leis an údar? (Alt 5) Luaigh **dhá** phointe. (4 mharc)

# LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

## B – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*

**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

### FEAR NA MBEANN IS FEAR NA MEÁN

**1** Is fear é Dermot Somers a bhaineann taitneamh mór as a shaol a chaitheamh amuigh faoin spéir … agus go háirithe as an gcuid sin de chlár na cruinne atá gar don spéir! Tá tamall caite aige ag dreapadh ar bheanna na nAlp agus ar mhullaí na Himiléithe. Tá fásaigh na hAfraice agus cnoic oighir na Sibéire siúlta aige freisin. Lena chois sin tá leabhar breá Gaeilge scríofa aige ina gcuireann sé síos ar chuid den saol eachtrúil atá caite aige. *Rince ar na Ballaí* an teideal atá ar an leabhar agus foilsíodh in 2006 é. Tagraíonn teideal an leabhair don spórt is rogha leis – an ailleadóireacht agus an tsléibhteoireacht. Theastaigh ó Dermot an leabhar a scríobh i nGaeilge mar nach bhfuil a leithéid de leabhar sa teanga cheana féin, agus chreid sé freisin go bhfuil an tsolúbthacht agus an stór focal sa Ghaeilge lena dhéanamh. Is cruthú é an leabhar breá seo go raibh an ceart aige. Moladh an leabhar go hard na spéire, ní hamháin as a mhodh inste agus as saibhreas na Gaeilge ann, ach as na grianghraif iontacha a mhaisíonn an téacs ann.

**2** Rugadh Dermot Somers i Ros Comáin sa bhliain 1947 ach bhog an teaghlach go dtí Glas Naíon i mBaile Átha Cliath nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois. Cuireadh ar Choláiste Mhuire é, scoil lán-Ghaeilge, áit a bhfuair sé an grá atá aige don Ghaeilge. Is í an Ghaeilge an teanga is fearr leis a labhairt ó shin i leith. Ba ar an scoil sin a fuair Dermot amach nárbh iad na cluichí foirne ba rogha leis ach an lúthchleasaíocht. B'éigean dó, áfach, fanacht roinnt blianta eile sular tháinig sé ar an spórt a chuir cor cinniúnach ina shaol. Am éigin agus é sna fichidí, a deir sé, chonaic sé beirt ag ailleadóireacht i sléibhte Chontae Chiarraí. Thaitin a bhfaca sé ag an am sin leis. Tuigeadh dó láithreach an eachtraíocht a bhain leis an spórt. D'aithin sé chomh maith an meon eachtrúil a bhí ann féin, meon a bhí ag fanacht lena fhuascailt. Is í an dúil seo san eachtraíocht an tréith is mó a bhraith sé i ndaoine eile a raibh sé páirteach leo sa taiscéalaíocht agus sa tsléibhteoireacht ina dhiaidh sin.

**3** Thiomáin an dúil sin san eachtraíocht é le fiche bliain a chaitheamh ag dreapadh bheanna na nAlp agus ag iarraidh Everest a chloí. D'éirigh leis beanna na nAlp a dhreapadh ach theip air dul go barr Everest. Deir sé gurb é éadan thuaidh an Eiger sna hAlpa an t-éadan sléibhe is suimiúla agus is dainséaraí san Eoraip. Dá bhrí sin ba é dreapadh an Eiger an dúshlán ailleadóireachta ba mhó a thug sásamh dó riamh. Is gá don ailleadóir scileanna uile na dreapadóireachta a chleachtadh chun an Eiger a dhreapadh. Os a choinne sin, baineann dainséar marfach le hairde na sléibhte sna Himiléithe. Is iad an éidéime agus cnapáin fola an dá bhaol sláinte is measa a bhuaileann ailleadóirí sna Himiléithe. Nuair a thagann an éidéime ar dhuine líontar an cloigeann le leacht an choirp agus báitear beatha an duine dá bharr. Maidir le cnapán fola éiríonn an fhuil crua i gcuid amháin den chorp, rud a chuireann stop leis an rith nádúrtha fola atá riachtanach don chuid eile den chorp. Cnapán fola a chuir deireadh le hiarracht Dermot Somers ar Everest a chloí i 1993 agus é ina bhall d'fhoireann bhuacach Dawson Stellfox.

**4** Admhaíonn Dermot gurbh í an aois ba chúis leis an gcnapán fola a thiomáin ó shleasa Everest é i 1993. Bhí sé ag teannadh leis an leathchéad ag an am, cúig bliana déag róshean, dar leis. Anois is mó is suim le Dermot eolas a chur ar chultúir na ndaoine a chónaíonn faoi na cnoic agus ar na fásaigh san Afraic. I 1987 rinne John Murray scannán den iarracht a bhí ar siúl ag Dermot agus ag a fhoireann dreapadh go barr Manaslu i Neipeal. Chuir Dermot fuaimrian Ghaeilge leis an scannán agus bhí an oiread sin ráchairte air go bhfuil an bheirt acu ag déanamh scannáin Ghaeilge ó shin. Den dosaen scannán atá déanta acu, is é an scannán faoina thuras trasna an tSahára le treibh na Tuareg an ceann is fearr leis. Turas seacht gcéad míle é agus déanann an Tuareg gach bliain é chun salann a thabhairt ar mhuin camall ó Bilma i ndeisceart na Libia go hAgadez i dtuaisceart na Nigéire.

**B** *ar leanúint*

5 Sa leabhar is déanaí a scríobh Dermot, *Endurance: Heroic Journeys in Ireland,* tá cur síos aige ar thurais stairiúla in Éirinn, a bhfuil an dianmháirseáil agus an fhulaingt a ghabh léi, mar ábhar ann. Fuair Dermot an inspioráid don leabhar seo óna cheantar dúchais féin i Ros Comáin. Ba ó na seanchaithe agus óna chuid múinteoirí a fuair sé amach go raibh cónaí air in áit a bhí lárnach sna turais stairiúla seo. Sa *Táin*, mar shampla, ceann de mhóreipicí na hÉireann agus na hEorpa ón réamhstair, chuaigh Méabh agus Ailill go Cúige Uladh sa tóir ar an tarbh, Donn Chuailgne. Thrasnaigh siad an tSionainn cóngarach don pharóiste ar rugadh Dermot ann. Mháirseáil Aodh Rua Ó Domhnaill tríd an gceantar céanna sa bhliain 1601 agus é ar a bhealach ó Thír Chonaill go cath Chionn tSáile. Moltar an leabhar seo go mór as an gcaoi a gcuireann sé beocht sna scéalta dearmadta seo agus as an tsuim a mhúsclaíonn sé sa léitheoir i stair áitiúil Ros Comáin.



*Bunaithe ar ailt le Robert McMillan in* Foinse

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cad is ábhar don leabhar *Rince ar na Ballaí*? (Alt1) (3 mharc)

(b) Tabhair **dhá** fháth ar moladh an leabhar *Rince ar na Ballaí*. (Alt1) (4 mharc)

**2** (a) Conas a chuaigh an scoil lán-Ghaeilge i bhfeidhm ar Dermot? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** fháth ar roghnaigh Dermot an ailleadóireacht mar a rogha spóirt. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Cén fáth a mbeadh dreapadh an Eiger sásúil do dhreapadóir? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Tabhair míniú ar cheann **amháin** den "dá bhaol sláinte" a bhaineann le hairde na sléibhte sna Himiléithe? (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cén rud is mó is suim le Dermot anois ó d'éirigh sé as an ailleadóireacht? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** rud faoi na Tuareg a ndearna Dermot scannán fúthu. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Cén inspioráid a fuair Dermot óna cheantar dúchais féin leis an leabhar is déanaí uaidh a scríobh? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** chúis leis an moladh mór atá faighte ag an leabhar nua seo. (Alt 5) (4 mharc)

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2009*

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Luan, 8 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| *Don Scrúdaitheoir* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| *Na hIomláin* | |
|---|---|
| **A (30)** | |
| **B (40)** | |
| **C (20)** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas (90)** | |
| **Gaeilge (10)** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén fhéile atá luaite anseo?

**(b)** Cén uair go díreach a mbeidh an fhéile ar siúl?

**2.** Cén pháirt a ghlac Sarah Miles sa scannán Ryan's Daughter?

**3.** **(a)** Cá háit a ndearnadh an scannán Ryan's Daughter?

**(b)** Cén chreidiúint a thugtar don scannán seo?

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cén teideal a bheidh ar an gclár nua ar RTÉ Raidió 1?

**2**. Luaigh **dhá** eagraíocht a dhéanfaidh urraíocht ar an gclár.

**(a)**

**(b)**

**3.** **(a)** Cén meascán de cheol a bheidh ar an gclár?

**(b)** Luaigh **dhá** rud a bhronnfar mar dhuaiseanna le linn an chláir.

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cad atá á lorg ag Raidió na Life?

____________________________________________

**2.** Cén íocaíocht a dhéanfar leis na daoine a roghnófar?

____________________________________________

**3.** Luaigh **dhá** cháilíocht atá riachtanach don phost.

**(a)** ________________________________________

**(b)** ________________________________________

**4.** Luaigh slí amháin le heolas breise a fháil faoin bpost.

____________________________________________

# Cuid B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad leis a bhfuil Liam ag tnúth?

______________________________

**2.** Cén scrúdú a bheidh á dhéanamh ag Bríd ag tús mhí an Mheithimh?

______________________________

**3.** Cén fáth gur breá le Liam filleadh ar Pháras?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Tabhair píosa **amháin** eolais a luann Liam faoi Pharlaimint na hEorpa.

______________________________

**2.** **(a)** Cén post ar mhaith le Bríd a bheith aici?

______________________________

**(b)** Luaigh fáth **amháin** a mbeidh seans maith ag Bríd an post a fháil, dar le Liam.

______________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén cúrsa ollscoile a roghnaigh Micheál?

______________________________

**2.** Cén post ab fhearr le Siobhán?

______________________________

**3.** **(a)** Cén t-ábhar ab fhearr le hathair Mhichíl go roghnódh a mhac san ollscoil?

______________________________

**(b)** Cén chomhairle a chuireann Siobhán ar Mhicheál?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén rud a raibh dúil mhór ag Micheál ann ó bhí sé an-óg?

______________________________

**2.** **(a)** Luaigh rud **amháin** a deir Micheál faoin Eacnamaíocht Bhaile.

______________________________

**(b)** Céard a deir Micheál faoi chuid dá chairde?

______________________________

**3.** Cén sort duine a bheidh á lorg ag Siobhán mar fhear céile?

______________________________

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cé mhéad airgid a bhuaigh duine sa Lotto an tseachtain seo caite?

**(b)** Cén buntáiste a fhaigheann an Lotto as duais mhór a bheith acu, dar le Máire?

**2.** Cad a mholfadh Seán a dhéanamh le duais an-mhór sa Lotto?

***An Dara Mír***

**1.** Cad air a gcaitheann an Lotto na milliúin gach bliain, dar le Seán?

**2.** Luaigh fáth **amháin** nár thug an Lotto airgead do na Piarsaigh, dar le Seán.

**3.** Cén seanfhocal a fhanann fíor i gcónaí, dar le Seán?

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cén dream a d'eagraigh an mhaidin chaife?

**2.** **(a)** Céard dó ar bailíodh an t-airgead?

**(b)** Cé a chuir an caife agus an bia ar fáil?

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén saghas báid atá ceannaithe ag Tomás Ó Murchú?

**2.** Cár cheannaigh Tomás Ó Murchú an bád?

**3.** **(a)** Cén fad atá an bád nua?

**(b)** Luaigh deacracht **amháin** atá ag iascairí faoi láthair.

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cé mhéad post nua a bheidh á gcur ar fáil ag Comharchumann an Chlocháin Léith?

**2.** Luaigh suíomh **amháin** ar an gClochán Liath a mbeidh na poist ar fáil.

**3.** Cé mhéad duine ar fad atá fostaithe ag Comharchumann an Chlocháin Léith?